An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2014

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2014

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

Bhunaigh an tOireachtas an Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne le soláthar bainne chun óil sa Stát a rialáil mar a leagtar amach san Acht Bainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Chuig: An tUasal Simon Coveney TD, An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara



Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne le haghaidh 2014 a chur i láthair, de réir Alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

An Geilleagar Náisiúnta

Lean an geilleagar náisiúnta leis an téarnamh anuraidh agus é á thiomáint ag fás láidir in onnmhairí agus in infheistíocht, an fás in athuair ar chaiteachas tomhaltóirí sa bhaile agus trí fhostaíocht mhéadaithe sa gheilleagar.

D'fhág beartais fhioscacha agus airgeadais go raibh an bunús leagtha síos le haghaidh téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe agus chuir siad ar chumas an Stáit agus na mbanc inmheánach buntáiste a bhaint as rátaí maoinithe an-fhabhrach ar fad. Cé gur thit easnamh an Bhuiséid go dtí 4% de OTI, tá leibhéil fiachais an Rialtais fós an-ard.

Earnálacha Feirmeoireachta/ Déiríochta

Tháinig laghdú 3% go dtí €7 billiún ar an aschur talmhaíochta comhlán ar phraghsanna táirgeora anuraidh agus tharla sé sin go príomha mar gheall ar phraghsanna níos ísle ar eallach, ar bhainne agus ar arbhair.

Chuidigh an dea-aimsir i gcaitheamh na bliana le fás féir agus laghdaíodh costais ionchuir ar gach fiontar talamh féir mar gheall ar an tionchar a bhí ag úsáid níos lú as beatha agus leasacháin agus praghsanna níos ísle ar bheatha, leasachán agus breosla. Tháinig méadú 6% ar ioncam fheirm an teaghlaigh i gcomparáid le 2013 agus é go príomha mar gheall ar chostais ionchuir níos ísle mar gheall ar an aimsir mhaith.

Bhí déiríocht ar an bpríomhfhiontar feirmeoireachta mar gheall ar oll-aschur agus le meánleibhéal ioncaim, rud a bhí a dhá oiread níos mó ná an fiontar feirme is gaire de atá in iomaíocht léi. Tháinig méadú 9% ar ioncam déiríochta i gcomparáid le 2013.

Tháinig méadú 4% ó 2013 ar sholáthairtí baile bainne go dtí 5,635 milliún lítear nach raibh ann riamh cheana agus a bhí á thiomáint ag aimsir thar cionn, ag praghsanna bainne a bhí láidir agus bólacht déiríochta níos mó. Shroich solaid bhainne leibhéil nach raibh ann cheana riamh.

D'fhág an líon méadaithe soláthairtí bainne in 2014, áfach, go bhfuil oidhreacht dhiúltach ag baint leis agus an Stát breis is 4% os cionn chuóta bainne an AE sa bhliain dheiridh de chóras cuóta bainne an AE, agus dá bharr sin tá dliteanas tobhaigh bhreise de thart ar €69 milliún ann, a bhaileofar ó tháirgeoirí i dtrí thráthchuid chothroma, saor ó ús thar thrí bliana.

Margaí & Praghsanna Bainne

Mhéadaigh luach onnmhairithe déiríochta na hÉireann anuraidh go dtí os cionn €3 billiún agus é sin go príomha mar gheall ar mhéadú suntasach in onnmhairí chuig margaí lasmuigh den AE, rud arbh ionann é agus 40% d'onnmhairí déiríochta na hÉireann go léir anuraidh.

Tharla timthriall láidir síos sa timpeallacht agus i margaí onnmhairithe le haghaidh táirgí déiríochta i lár na bliana mar gheall ar an tionchar a bhí ag soláthairtí bainne méadaithe ar fud an domhain, an mhoill a tháinig ar éileamh ón tSín agus an cosc miondíola a bhí ag an Rúis ar onnmhairí déiríochta an AE i mí Lúnasa.

Thit praghsanna bainne monaraithe míosúla, a bhí ag leibhéil arda i rith na mbuaic-mhíonna soláthair, thit siad go géar sa dara leath den bhliain, rud a léirigh an meath ar phraghsanna táirgí onnmhairithe déiríochta. I mí na Nollag 2014 ba 9 cent in aghaidh an lítir nó 20% níos lú ná mar a bhí sé i mí na Nollag 2013 an praghas míosúil ar bhainne monaraithe.

Rinneadh an t-aonú céim déag d'íocaíocht phréimhe déiríochta AE de 3.65 c/lítear a ionchorprú san Íocaíocht Feirme Aonair, a íocadh le gach faighteoir incháilithe i mí Dheireadh Fómhair.

Maidir leis an meánphraghas bliantúil táirgeora le haghaidh soláthairtí bainne monaraithe, arbh é an dara praghas bainne ab airde riamh é ar bhainne, thit sé go dtí 37 c/lítear, gan cbl san áireamh, nó faoi dhíreach os cionn 1 c/lítear ar bhainne ina bhfuil meánleibhéil chomhábhair nár chonacthas riamh de 3.43% próitéin agus 3.99% saill ime.

Sa mhargadh bainne úir baile cé gur tháinig méadú imeallach ar thomhaltas, thit praghas an bhainne miondíola ar an meán de thart ar 2 c/lítear nó 2%.

Maidir leis an meánphraghas táirgeora bliantúil, ar bhainne a próiseáladh lena ól ina leacht, arbh é an dara praghas ab airde é riamh, thit sé go dtí díreach os cionn 38 c/lítear, gan cbl san áireamh, nó de bheagnach 1 c/lítear.

Tá na praghsanna ar sholáthairtí bainne cláraithe bunaithe a bheag nó a mhór anois ar chomh-phraghsanna míosúla na bpróiseálaithe ar sholáthairtí bainne i gcomhair monaraithe, a fhaightear go príomha ó thuairisceáin an mhargaidh onnmhairithe, le dreasachtaí breise le haghaidh soláthairtí ar chonradh i rith mhíonna an gheimhridh.

I gcás soláthairtí cláraithe a íocadh faoi chórais phraghsála chomhábhair in 2014 bhí na dreasachtaí breise ag 3.3 c/lítear ar an meán le haghaidh na bliana. Bhí an ghné den bhunphraghas monaraithe den phraghas comhdhéanaimh leachtaigh bliantúil, mar sin féin, níos ísle ná an meánphraghas monaraithe bliantúil mar gheall ar an méid níos ísle de sholaid bhainne i soláthairtí ar chonradh, coigeartú poncaithe roinnt bunphraghsanna monaraithe agus meánleibhéal na mbunphraghsanna monaraithe a íocadh.

I gcás soláthairtí cláraithe a n-íoctar astu ar phraghsanna cothroma, bhí an meánphraghas bliantúil beagnach 1 c/lítear níos ísle ná an meánphraghas comhábhair bliantúil ar bhainne leachtach.

Rinne na cúrsaí sin díbhoilsciú ar an difreálach bliantúil idir an meánphraghas leachtach náisiúnta faoi gach córas íocaíochta agus an meánphraghas monaraithe náisiúnta go dtí 1.2 c/lítear nó bunaithe ar an ábhar soladach céanna le haghaidh soláthairtí bainne leachtaigh agus monaraithe go dtí difreálach bliantúil measta de 1.6 c/lítear.

An Margadh Bainne Úir

Is bia leachta lán de chothaithigh é bainne úr a úsáidtear go laethúil i mbeagnach gach teach in Éirinn.

Tá margadh bainne úir na hÉireann ar an margadh tomhaltóirí is mó le haghaidh bainne agus táirgí bainne sa Stát ag a raibh luach miondíola measta de €530 milliún in 2014.

Mhéadaigh tomhaltas bainne úir ar an margadh baile de bheagnach 2% go dí 576 milliún lítear.

B'fhearr le tomhaltóirí na hÉireann i gcónaí bainne beagmhéathrais agus bainne bearrtha agus chuimsigh na táirgí sin 41% de iomlán dhíolacháin bainne úir anuraidh.

Tá tomhaltas bainne úir per capita sa Stát de 0.34 lítear sa lá ar an tríú ceann is airde san AE agus beagnach dúbailte mheán an AE.

Ba ionann allmhairí bainne úir ó Thuaisceart Éireann, i bpacaí tomhaltóirí agus mar bhainne builc i gcomhair próiseála mar bhainne lena ól ina leacht sa Stát, agus 145 milliún lítear agus léiríonn sé fós ceann as gach ceithre lítear bainne úir a dhéantar a thomhailt sa Stát.

Iomaíocht ghéar praghsanna idir miondíoltóirí d'fhonn a sciar den mhargadh a choimeád, rud a choinnigh an brú láidir anuas ar thorthaí an mhargaidh baile le haghaidh bainne úir.

Measadh an meánphraghas miondíola náisiúnta i gcomhair bainne úir i ngach saghas paca in 2014 a bheith ag 92 c/lítear, laghdú 2 c/lítear nó 2% ar 2013.

Cláir, Conarthaí & Praghsanna 2013/14

I mbliain bhainne 2013/14 cláraíodh 1,867 gconradh soláthair bainne leis an nGníomhaireacht i dtaca le 475 milliún lítear bainne i gcomhair próiseála lena ól ina leacht.

Cuimsíodh le conarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad (AYR) 94% de na conarthaí sin agus 99% de sholáthairtí agus ba chonarthaí ar feadh Míonna an Gheimhridh Amháin a bhí sa chuid eile.

Sna conarthaí AYR is é Córas Phraghas an Bhainne Monaraithe móide Bónas (Córas MMP) an príomhchóras praghsála agus cuireadh i bhfeidhm é in 85% de chonarthaí agus in 84% de sholáthairtí. Cuireadh an Córas Phraghais Chothroim (Córas COTHROM) i bhfeidhm in 15% de na conarthaí agus in 16% de sholáthairtí.

I mbliain bhainne 2013/14 ba é an meánphraghas a íocadh faoin gCóras MMP ná 39.6 c/lítear agus ba é an meánphraghas a íocadh faoin gCóras COTHROM ná 38.2 c/lítear.

I gClár na bPróiseálaithe cláraíodh 14 phróiseálaí lena n-áirítear 3 phróiseálaí táirgeora.

Bhí soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe 9% níos airde ná díolacháin bainne úir baile mar gheall den chuid is mó ar shocruithe idirthréimhseacha idir próiseálaithe.

I gcúig mhí an gheimhridh a leagadh síos in 2014/15, bhí an leibhéal cumhdaigh de sholáthairtí bainne iomlána a bhí ag tairgeoirí cláraithe i gcomparáid le tomhaltas bainne úir (lena n-áirítear allmhairí) ag 117%.

Is grúpa táirgeoirí ar leith iad na táirgeoirí cláraithe i struchtúr táirgeachta bainne na hÉireann arbh ionann iad agus 10% de gach táirgeoir bainne agus soláthraíonn siad 15% de na soláthairtí bainne baile ar feadh na bliana ar fad.

Cé go bhfuil líon na dtáirgeoirí cláraithe a bhfuil conarthaí acu tite de bhreis is 40% ó 1995 tá soláthairtí bliantúla iomlána na dtáirgeoirí sin fós an-chobhsaí ag os cionn 800 milliún lítear agus 58% á soláthar don mhargadh bainne úir agus 42% i gcomhair monaraithe in 2013/2014.

Deireadh le cuótaí bainne AE

Ba ócáid chinniúnach in earnáil déiríochta na hÉireann a bhí ann nuair a cuireadh deireadh le cuótaí bainne AE i mí Aibreáin 2015. Tá an cumas ag earnáil déiríochta na hÉireann anois, den chéad uair ó 1984, a cumas neamhréadaithe a bhaint amach.

Ó gearradh cuótaí bainne, 31 bliain ó shin, tá earnáil déiríochta na hÉireann tagtha chun cinn trí phróiseas laghdaithe i líon níos lú próiseálaithe níos mó agus feirmeacha déiríochta níos mó. Bhí an soláthar bainne baile seasmhach ó shin i leith, d'fhág 40,000 táirgeoir bainne nó 70% de tháirgeoirí bainne an earnáil, tá an bhólacht déiríochta náisiúnta tite de bhreis is 30% agus tá méadú suntasach tagtha ar sholaid bhainne agus méadú de bhreis is 80% ar phraghsanna bainne.

Tá deireadh á chur le cuótaí bainne an AE agus tús á chur le ré nua in earnáil déiríochta na hÉireann. Tá an fás réamh-mheasta de 50% ar sholáthairtí bainne baile faoi 2020 ceaptha ar fad le haghaidh onnmhairithe do chustaiméirí i margaí éiritheacha atá ag leathnú.

Mar thoradh ar athbheochan earnáil déiríochta na hÉireann tiocfaidh athruithe móra ar straitéisí, struchtúir, córais agus ar scála na hearnála ar leibhéil mhargaíochta, phróiseála agus tháirgeachta.

Táthar den tuairim anois go bhfuil sé de chumas ag earnáil déiríochta na hÉireann a bheith ar an earnáil déiríochta is tapa fáis sa gheilleagar is tapa fáis san AE.

I ndiaidh infheistíocht reatha agus sa todhchaí de bhreis is €2.5 billiún beidh tionchar iolrach deimhneach ag fás agus ag leathnú na hearnála déiríochta ar an ngeilleagar náisiúnta.

Beidh luaineacht níos mó i bpraghas an mhargaidh i ndiaidh cuótaí, luaineacht a bhí le feiceáil cheana féin sa titim ghéar i bpraghsanna táirgí onnmhairithe agus i bpraghsanna bainne táirgeora ó lár na bliana 2014 agus atá fós ag leanúint ar aghaidh sna chéad cúig mhí de 2015.

Beidh ionstraimí nua praghsála ag teastáil ó phróiseálaithe d'fhonn feidhmiú i gcoinne na luaineachta sin agus d'fhonn cobhsaíocht praghsanna a chruthú do tháirgeoirí i ndálaí margaidh éiginnte.

Sa ré seo i ndiaidh cuótaí méadóidh formhór na dtáirgeoirí bainne monaraithe a gcuid soláthairtí bainne bunaithe ar chóras táirgeachta bainne ar chostas íseal, bunaithe ar féar, agus séasúrach ina mbeidh laonna á mbreith níos túisce, san earrach, agus tréimhsí lachta níos faide, agus torthaí níos airde ó líon reatha agus breise bó.

Gach seans freisin go méadóidh formhór na dtáirgeoirí cláraithe a gcuid soláthairtí bainne bliantúla ó líon reatha agus breise bó. Is dóigh go mbeidh a gcuid soláthairtí méadaithe ar bhonn séasúrach agus go n-úsáidfear iad le haghaidh táirgí déiríochta monaraithe i gcomhair onnmhairithe. I gcás fhormhór na dtáirgeoirí cláraithe sáróidh a gcuid soláthairtí bainne séasúracha i gcomhair monaraithe a gcuid soláthairtí bainne ar feadh na bliana le haghaidh an mhargaidh bainne úir ag baile.

Ionchas don Todhchaí

Go meán-téarmach tiomáinfidh fás daonra domhanda, uirbiú agus ioncaim diúscartha méadaithe éileamh méadaithe le haghaidh margaí déiríochta domhanda.

Beidh luaineacht praghsanna ina saincheist a mbeidh tionchar aici ar fud an tslabhra soláthair déiríochta.

Cuireadh tús leis an gclár um Éascú Cainníochtúil Bhanc Ceannais an AE i mí an Mhárta 2015 agus é deartha chun fás eacnamaíoch a spreagadh, díbhoilsciú a throid agus rátaí úis a laghdú. Lagaigh an clár sin an euro in aghaidh dollar na SA agus an steirling agus bainfidh earnáil déiríochta na hÉireann buntáiste ar leith as mar gheall ar an gcion ard d'onnmhairí déiríochta, a sheoltar chuig custaiméirí lasmuigh de limistéar an euro.

I measc na ndálaí seachtracha eile atá fabhrach agus atá mar bhonn taca ag fás na hearnála déiríochta tá na rátaí úis reatha nach raibh chomh hard riamh agus an titim ar phraghsanna ola.

Beidh bainne úr ar ardchaighdeán fós mar tháirge ceannasach agus íocónach i margadh baile na hÉireann le haghaidh táirgí déiríochta, a bhfuil

ardmheas ag tomhaltóirí na hÉireann air. Is é an táirge freisin é a d'fhéadfadh a bheith ar an gcéad táirge a bhlaisfidh líon méadaithe turasóirí ón gcoigríoch de tháirgí déiríochta na hÉireann, a thugann cuairt ar Éirinn.

Beidh muinín agus tiomantas leanúnach na dtáirgeoirí bainne cláraithe ó thaobh bainne den scoth a sholáthar don mhargadh bainne úir ag baile ar bhonn soláthair ar feadh na bliana ar fad ag brath ar dhreasachtaí praghsanna leordhóthanacha a bheith ar fáil i gcoibhneas leis na praghsanna a íoctar ar sholáthairtí bainne shéasúraigh i gcomhair monaraithe.

An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014

Bunaíodh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí leis an Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 agus tháinig sé i bhfeidhm an 31 Deireadh Fómhair 2014. Tá sraith tosaigh dréacht-Rialachán scaipthe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar pháirtithe leasmhara faoin Acht d'fhonn cleachtais áirithe a rialú i soláthar bia agus dí idir miondíoltóirí/mórdhíoltóirí agus soláthraithe agus déanfaidh siad a machnamh ar na dréacht-Rialacháin sin. Tá sé tugtha faoi deara ag an nGníomhaireacht nach bhfuil aon fhoráil déanta chun díol faoi bhun costais a chosc, nár ceapadh Ombudsman chun tacú le cur i bhfeidhm na Rialachán agus nach bhfuil aitheantas ag an seasamh speisialta atá ag táirgí úra somheata.

Airgeadas

Ba é ioncam iomlán na Gníomhaireachta ná €504,560, laghdú €24,228 nó 5% ar a cuid ioncaim in 2013. Laghdaigh ioncam ón tobhach bainne de €18,514 nó 4% go dtí €496,548 ag léiriú comhthionchar an laghdaithe ar ráta an tobhaigh bainne ó Aibreán 2014 agus méadú i soláthairtí bainne ar féidir tobhach a ghearradh orthu in 2014. Tháinig laghdú 42% ar ioncam úis go dtí €8,012 mar gheall ar rátaí úis níos ísle agus an méadú ar an gcáin choinneála ús ar thaiscí.

Laghdaigh costais oibriúcháin de €41,939 nó 8% de €496,656. Tháinig laghdú €35,705 nó 3% ar chostais pearsanra agus costais a bhain le foirne agus tháinig laghdú 4% ar chostais oibriúcháin eile.

Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i ndiaidh a hathbhreithnithe, in iúl don Ghníomhaireacht gurb é an ráta de ranníocaíocht fostóra leis an Scéim Aoisliúntais Foirne ná 162/3% le héifeacht ón 19 Márta 2003. Tá foráil iomchuí déanta ag an nGníomhaireacht le haghaidh ranníocaíochtaí fostóra ag an ráta sin.

Mar thoradh ar an bhfarasbarr ioncaim de €504,560 thar chostais de €496,656 bhí barrachas oibriúcháin de €7,904 ann don bhliain.

Ag deireadh na bliana, ba ionann an Ciste Carntha agus €1,072,180 agus cuimsíodh ann airgead agus taiscí de €1,007,599, féichiúnaithe lúide creidiúnaithe de €59,345 agus sócmhainní seasta de €5,236.

Comhchoiste an Oireachtais um Thalmhaíocht, Bia agus Mara

I mí na Samhna 2014, d'fhreastail mé féin agus an Príomhfheidhmeannach ar chruinniú de Chomhchoiste an Oireachtais chun Tuarascáil Bhliantúil 2013 na Gníomhaireachta a phlé.

Ballraíocht/Cruinnithe na Gníomhaireachta

I rith na bliana, bhí seacht gcruinniú ag an nGníomhaireacht agus bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Iniúchta. D'éirigh an tUasal George Kearns as oifig mar chomhalta próiseála den Ghníomhaireacht i mí an Mhárta 2015. Is mian liom aitheantas, agus buíochas, a ghlacadh leis an Uasal Kearns as a chuid oibre sa Ghníomhaireacht, a raibh sé mar bhall de ó 2002.

Conclúid

Is mór ag an nGníomhaireacht an comhoibriú a fuair sí i rith na bliana ó phróiseálaithe bainne leachtaigh agus ó chomhlachtaí ionadaíocha na dtáirgeoirí, na bpróiseálaithe, na dtomhaltóirí, na miondíoltóirí agus na ndáileoirí. Táthar an-bhuíoch freisin as an tacaíocht agus as an gcomhairle a fuarthas ó oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit eile a rabhthas i gcomhairle leo i rith na bliana.

Gabhaim mo bhuíochas le comhaltaí na Gníomhaireachta as a gcomhairle agus a dtiomantas críonna i rith na bliana agus le Muiris agus a fhoireann as a ndúthracht freisin.

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Cathaoirleach

Donncha Ó Murchú*

Ionadaithe na dTáirgeoirí

Diarmuid Ó Crulaol

Éamann Mac an tSagairt

Pádraig Ó Maolagáin*

Tadhg Ó Ciosáin

Donncha Ó Faogáin

Ionadaithe na bPróiseálaithe

Seoirse Ó Ciaráin*

Antaine Ó Drisceoil

Proinsias Tóibín

Eoghan Mac Suibhne

Ionadaí na nDáileoirí

Uaitear Ó Maoldomhnaigh

Ionadaí na Miondíoltóirí

Seán Foster*

Ionadaithe na dTomhaltóirí

Risteard Ó Donnchú

Micheál Mac Giolla Chaoin

* Comhalta an Choiste Iniúchóireachta (2014).

Cathaoirleach	Donncha Ó Murchú[1]
Ionadaithe na dTáirgeoirí	Tadhg Ó Ciosáin Diarmuid Ó Crulaol Donncha Ó Faogáin Éamann Mac an tSagairt Pádraig Ó Maolagáin[1]
Ionadaithe na bPróiseálaithe	Seoirse Ó Ciaráin[1] *(scoir sé den oifig an 13 Márta 2015)* Antaine Ó Drisceoil Proinsias Tóibín Eoghan Mac Suibhne
Ionadaí na nDáileoirí	Uaitear Ó Maoldomhnaigh
Ionadaí na Miondíoltóirí	Seán Foster[1 2]
Ionadaithe na dTomhaltóirí	Risteard Ó Donnchú Micheál Mac Giolla Chaoin
Príomhfheidhmeannach	Muiris Ó Céidigh
Rúnaí	Siobhán Uí Sheanáin
Oifig	Teach IPC, 35/39 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Ríomhphost: natmilk@eircom.net Láithreán Gréasáin: www.nationalmilkagency.ie
Aturnae	Frank Mulvey, Aturnaetha Frank Mulvey, Ionad DDR, Foirgneamh na Drioglainne, 145-151 Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath 7.
Baincéirí	Bainc Aontas Éireann Cpt., Brainse Lárionaid Bainc, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Banc na hÉireann, 39 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Iniúchóir	Deloitte & Touche, Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

1 Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta (2014)
2 Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta (2014)

CLÁR ÁBHAIR

1. Soláthairtí Bainne 10

2. An Margadh Bainne Leachtaigh 15

3. Conarthaí Cláraithe/Praghsanna 18

4. Próiseálaithe 24

Aguisín 1 Cruinnithe na Gníomhaireachta 25

Aguisín 2 Clár Táirgeoirí/Soláthairtí Bainne/Córais Phraghsála 26

Aguisín 3 Praghsanna/Difreálaigh Táirgeoirí Bainne Bliantúla ar an Meán 28

Aguisín 4 Struchtúr Soláthairtí Bainne na dTáirgeoirí Cláraithe 30

Aguisín 5 Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais 32

Aguisín 6 Comhlíonadh/Forfheidhmiú 43

Aguisín 7 Reachtanna agus Ionstraimí Reachtúla a Bhaineann leis an nGníomhaireacht 44

1. SOLÁTHAIRTÍ BAINNE

An Dr. Muiris Ó Céidigh
Príomhfheidhmeannach

FÍOR 1.0 ÚSÁID AS SOLÁTHAIRTÍ BAINNE BAILE 2014



1.1 Soláthairtí Bainne Baile

Cuireadh 5,635 mhilliún lítear de sholáthairtí bainne baile chuig uachtarlanna agus sáslaigh phaistéartha in 2014, méadú 212 mhilliún lítear nó 3.9% ar 2013.

Ba ionann líon na dtáirgeoirí gníomhacha bainne agus 17,881, beagán níos lú ná mar a bhí an bhliain roimhe sin, agus bhí na soláthairtí bainne bliantúla ar an meán in aghaidh an tairgeora ag 315,000 lítear. (Aguisín 4 Tábla B).

Úsáideadh 92% de sholáthairtí bainne baile chun táirgí déiríochta a dhéanamh, a bhí á ndéanamh i gcomhair onnmhairithe den chuid ba mhó, agus bhí 8% de na soláthairtí á bpróiseáil mar bhainne lena ól ina leacht ar an margadh baile.

Lean an patrún ard séasúrach sna soláthairtí baile bainne in 2014, bunaithe ar tháirgeadh bainne féaraigh agus breith séasúrach laonna, agus bhí 80% de sholáthairtí bainne á soláthar sna seacht mí ó Mhárta go Meán Fómhair agus 20% sna cúig mhí ó Dheireadh Fómhair go Feabhra agus na míonna sin san áireamh.

Bhí cóimheas míosúil ard/íseal 5.9/1 ann i dtaca leis an bpróifíl soláthair bainne baile, is é sin le rá, cóimheas míosúil ard/íseal 8.6/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne monaraithe agus 1.8/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne cláraithe.

TÁBLA 1.1 SÉASÚRACHT NA SOLÁTHAIRTÍ BAINNE BAILE (DE RÉIR EARNÁLA)

Bliain	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	Cóimheasa míosúla ard/íseal												
Monarú	8.6	8.6	9.1	6.8	8.7	8.1	7.1	8.2	8.7	8.2	8.0	8.2	8.9
Leacht	1.8	1.9	1.8	1.8	1.9	1.7	1.8	1.8	1.8	1.8	1.8	1.9	2.0
Uile	5.9	5.8	5.6	5.1	5.8	4.9	5.4	5.6	5.7	5.5	5.5	5.6	6.1

Foinse: An Roinn Talmhaíochta agus Bia/An Phríomh-Oifig Staidrimh

FÍOR 1.2 SOLÁTHAIRTÍ BAILE, SOLÁTHAIRTÍ BAINNE MONARAITHE, SOLÁTHAIRTÍ DE RÉIR TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE AGUS TOMHALTAS BAINNE LEACHTA (MÍOSÚIL) 2014



* Bainne a díoladh lena ól ina leacht laistigh den Stát lena n-áirítear allmhairí bainne pacáistithe.

Foinsí: CSO/NMA

Is grúpa táirgeoirí suntasach iad na táirgeoirí bainne cláraithe san earnáil soláthair bainne ag baile ag léiriú 10% de na táirgeoirí bainne go léir agus ag soláthar 15% de na soláthairtí bainne ag baile.

Ní hamháin go soláthraíonn siad na riachtanais bainne ag baile ar feadh na bliana ar fad le haghaidh bainne a óltar ina leacht ach soláthraíonn siad freisin os cionn 7% de na soláthairtí bainne monaraithe baile ar fad.

Bhí na soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe lena bpróiseáil mar bhainne a óltar ina leacht 9% níos mó ná díolacháin bainne úir na bpróiseálaithe in 2014 i gcomparáid le 8% in 2013, agus sin go príomha mar gheall ar shocruithe praghsanna idirthréimhseacha idir próiseálaithe agus táirgeoirí i ndiaidh chomhdhlúthú an tionscail.

FÍOR 1.3



1.2 Soláthairtí Bainne ó Tháirgeoirí Cláraithe

Thit méid iomlán na soláthairtí bainne ón 1,867 dtáirgeoir cláraithe sa Stát in 2013/14 go dtí 814 milliún lítear (Aguisín 4 – Tábla A), i gcomparáid le 830 milliún lítear sa bhliain 2012/13. Tharla an laghdú sin den chuid is mó mar gheall ar shocrú conartha athbhreithnithe ó phróiseálaí ar sholáthairtí bainne i rith thréimhse an tsamhraidh 2014, a cuireadh ar ais arís i mbliain bhainne 2014/15.

Ba ionann na soláthairtí i gcomhair próiseála lena ól ina leacht agus 475 mhilliún lítear nó 58% de na soláthairtí go léir ó tháirgeoirí bainne leachtaigh agus ba ionann na soláthairtí i gcomhair próiseála le haghaidh táirgí déiríochta monaraithe agus 339 milliún lítear nó 42% de na soláthairtí iomlána.

Bhí soláthairtí bliantúla de 436,000 lítear ag an meán-táirgeoir cláraithe in 2013/14 i gcomparáid le 441,000 lítear an bhliain roimhe sin, laghdú 1%.

1.3 Soláthairtí Geimhridh Bainne

Sna cúig mhí den gheimhreadh atá leagtha síos ó Dheireadh Fómhair 2014 go dtí Feabhra 2015 ba ionann na soláthairtí iomlána bainne ó tháirgeoirí cláraithe agus thart ar 277 milliún lítear, laghdú 19 milliún lítear nó 6% ar 2013/14 agus sholáthair cumhdach soláthair de 117% i gcás tomhaltais bainne leachtaigh (lena n-áirítear allmhairí) de thart ar 237 milliún lítear.

I míonna na Nollag 2014 agus Eanáir 2015, ba ionann na soláthairtí iomlána ó tháirgeoirí cláraithe agus thart ar 105 milliún lítear sin laghdú de 12 mhilliún lítear ar 2014 nó 10% agus bhí siad 9 milliún lítear níos mó ná tomhaltas bainne leachtaigh (lena n-áirítear allmhairí) de thart ar 96 milliún lítear sna míonna sin, cumhdach soláthair de 109%.

FÍOR 1.4 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE BAILE AG TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE GNÍOMHACHA AGUS TOMHALTAS BAINNE LEACHTAIGH 2014



* Bainne a díoladh lena ól ina leacht laistigh den Stát, lena n-áirítear allmhairí bainne pacáistithe.

Foinsí: CSO/NMA

1.4 Allmhairí

Bhí allmhairí builc isteach sa Stát i gcomhair próiseála ag uachtarlanna agus sáslaigh phaistéartha ar an tríú ceann is airde riamh anuraidh agus ba ionann é agus 511 milliún lítear, sin méadú 100 milliún lítear nó 24% ar 2013. Ba ghluaiseachtaí trasteorann a bhí in allmhairí bainne builc a tugadh ó Thuaisceart Éireann agus iad comhionann le 9% de na soláthairtí baile agus le 23% de sholáthairtí bainne bliantúla Thuaisceart Éireann.

Ba ionann allmhairí bainne builc de 459 milliún lítear i gcomhair próiseála le haghaidh táirgí déiríochta monaraithe sa Stát agus 90% de na hallmhairí iomlána. Ba ionann allmhairí bainne builc de 52 milliún lítear, i gcomhair próiseála le haghaidh tomhaltais leachtaigh sa Stát, agus 10% d'allmhairí agus ba ionann iad agus laghdú 5 milliún lítear nó 9% ar an mbliain roimhe sin.

Measadh go raibh allmhairí bainne úir i bpacaí tomhaltóirí, ag 93 milliún lítear, sin méadú 4 mhilliún lítear nó 4% ar an mbliain roimhe sin.

Ba ionann na hallmhairí bainne iomlána lena ól ina leacht i bpacaí tomhaltóirí agus i mbulc le próiseáil mar bhainne ina leacht sa Stát agus 145 milliún lítear, laghdú 1 milliún lítear nó 1%, ar thoirteanna allmhairithe na bliana roimhe sin.

TÁBLA 1.5 ALLMHAIRÍ BAINNE I MBULC MAR % DE SHOLÁTHAIRÍ BAINNE BAILE 2000-2014

	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	*1996*
	Milliúin lítear															
Soláthairtí	5,635	5,423	5,225	5,377	5,173	4,801	4,959	5,090	5,083	4,915	5,116	5,157	5,032	5,179	5,012	*5,144*
Allmhairí[1] (bulc)	511	411	406	356	388	427	464	473	566	550	377	349	278	209	304	–
Allmhairí mar %	9	8	8	7	8	9	9	9	11	11	7	7	5	4	6	–

[1] CSO

TÁBLA 1.6 ALLMHAIRÍ BAINNE, I mBULC AGUS PACÁISTITHE, LENA ÓL INA LEACHT 2000-2014

	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	*1996*
	Milliúin lítear															
Pacaí Tomhaltóirí	93*	89	86	86	84	78	59	50	46	40	38	41	26	24	23	*0*
Bulc	52	57	59	65	58	57	63	62	58	55	55	48	42	50	43	*0*
Allmhairí Iomlána	145*	146	145	151	142	135	122	112	104	95	93	89	68	74	66	*0*

* Meastachán NMA

FÍOR 1.7 AN SCIAR DEN MHARGADH BAILE BAINNE LEACHTAIGH AG ALLMHAIRÍ 1996-2014



Bhí 75% de sciar an mhargaidh ag soláthairtí baile agus 25% de sciar an mhargaidh ag allmhairí de mhargadh bainne úir an Stáit.

Ó 1996 tá fás tagtha ar allmhairí de bhainne úr lena ól ina leacht go dtí thart ar 145 milliún lítear chun an méadú iomlán 40 milliún lítear ar thomhaltas a chlúdach agus ionad 105 milliún lítear soláthairtí baile a ghlacadh.

Tá sciar an mhargaidh de sholáthairtí baile sa mhargadh bainne leachtaigh tite ó 100% in 1996 go dtí 75% in 2014 agus tá fás ar sciar an mhargaidh de allmhairí ó náid go dtí 25%.

Ba ionann na hallmhairí bainne iomlána ó Thuaisceart Éireann ag próiseálaithe agus ag sáslaigh phaistéartha agus 604 milliún lítear in 2014 agus iad comhionann le 11% de sholáthairtí bainne baile agus le 27% de sholáthairtí bainne bliantúla Thuaisceart Éireann.

TÁBLA 1.8 TOMHALTAS BAINNE LEACHTAIGH Ó SHOLÁTHAIRTÍ BAILE AGUS Ó ALLMHAIRÍ 2000-2014

	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	*1996*
	Milliúin lítear															
Ídiú	576	565	563	578	567	568	578	577	568	559	556	571	563	564	553	*536*
Soláthairtí baile	431	419	418	427	425	433	456	465	464	464	463	482	495	490	487	*536*
Allmhairí Iomlána	145	146	145	151	142	135	122	112	104	95	93	89	68	74	66	*0*
Soláthairtí Baile mar % de Thomhaltas	75	74	74	74	75	76	79	81	82	83	83	84	88	87	88	*100*
Allmhairí mar % de Thomhaltas	25	26	26	26	25	24	21	19	18	17	17	16	12	13	12	*0*

Foinse: CSO/NMA

Tuaisceart Éireann – Soláthairtí Bainne/ Praghsanna Bainne

Ba ionann méid na soláthairtí bainne i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2014 agus 2,198 milliún lítear, sin méadú 190 milliún lítear i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus tháinig na soláthairtí sin ó 2,655 fheirmeoir déiríochta. Bhí soláthairtí bainne Thuaisceart Éireann comhionann le 39% de sholáthairtí bainne baile an Stáit. Déantar os cionn 80% de sholáthairtí bainne bliantúla Thuaisceart Éireann a onnmhairiú mar tháirge deiridh nó mar bhainne amh.

TÁBLA 1.9 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE SA STÁT & I dTUAISCEART ÉIREANN 2014

	Poblacht na hÉireann	Tuaisceart Éireann
Soláthairtí Iomlána – m.lítear	5,635	2,198
Meánmhéid Saill Ime mar %	3.99	3.98
Meánmhéid Próitéine mar %	3.43	3.24
Cóimheas míosúil ard/íseal	5.9/1	1.4/1
Soláthróirí – líon	17,881	2,655
Meánlíon soláthairtí in aghaidh an tsoláthróra – lítir	315,000	828,000

FÍOR 1.10 SOLÁTHAIRTÍ MÍOSÚLA BAINNE – AN STÁT & TÉ 2014



Ba é a bhí i meánmhéid na soláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an tsoláthróra i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2014 ná 828,000 lítear, is é sin le rá, níos mó ná dhá oiread mheánmhéid na soláthairtí bliantúla bainne de 315,000 lítear sa Stát.

Bhí difríocht mhór i gcónaí sa phatrún soláthair bliantúil bainne i dTuaisceart Éireann i gcomparáid leis an Stát. Tá soláthairtí bainne ar fáil ar feadh na bliana go léir le cóimheas míosúil ard/íseal in 2013 de 1.4/1 i gcomparáid le 5.9/1 sa Stát.

TÁBLA 1.11 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE THUAISCEART ÉIREANN

	SOLÁTHAIRTÍ BAINNE	
	m. lítear	Innéacs
1993	*1,309*	*100*
2002	1,764	135
2003	1,772	135
2004	1,776	136
2005	1,865	142
2006	1,902	145
2007	1,918	146
2008	1,902	145
2009	1,772	135
2010*	1,850	141
2011*	1,977	150
2012*	1,995	151
2013	2,008	153
2014	2,198	168

Foinse: DARDNI
* Athbhreithnithe

Ón mbliain 1993 i leith, tá méadú 889 milliún lítear nó méadú 68% tagtha ar sholáthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann, ar méadú é a tharla mar gheall ar cheannach agus aistriú cuótaí bainne AE ón mBreatain Mhór.

Sa bhliain 2014, rinneadh 511 milliún lítear nó 23% de na soláthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann a onnmhairiú chuig an Stát mar amh-bhainne i mbulc, méadú de 100 milliún lítear nó 24% i gcomparáid leis an mbliain 2013.

Sa bhliain 2014, ba é an glanmheánphraghas bliantúil a íocadh le táirgeoirí bainne ar feadh na bliana ná 36 c/l, is é sin, laghdú 1 c/l nó 3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Bhí an praghas sin 1 c/l nó 3% níos ísle ná an meánphraghas bliantúil bainne de 37 c/l le haghaidh soláthairtí bainne monaraithe sa Stát.

2. AN MARGADH BAINNE LEACHTAIGH

Tá margadh bainne úir na hÉireann ar an margadh tomhaltóirí is mó le haghaidh bainne agus táirgí bainne sa Stát ag a raibh luach miondíola measta de €530 milliún in 2014.

Óladh 576 milliún lítear bainne leachta úr go náisiúnta anuraidh, méadú 11 milliún lítear nó 2% ar thomhaltas in 2013. Bhí tomhaltas per capita sa Stát de 0.34 lítear sa lá ar an tríú ceann is airde san AE.

Anuraidh ba ionann díolacháin bainne gan bhearradh agus 59% de dhíolacháin bainne úir agus ba ionann díolacháin bainne beagmhéathrais agus bainne bearrtha agus 41% de dhíolacháin a bhí i gcomparáid le 60% agus 40% faoi seach sa bhliain 2013.

Bhí na meánphraghsanna miondíola náisiúnta de bhainne beagmhéathrais i bpacaí 1 litear agus de bhainne gan bhearradh i bpacaí 2 lítear in 2014, arna thuairisciú ag an CSO, cothrom le 105 c/l agus 175 c/2l faoi seach, sin laghduithe de 1 pc/l agus 5 c/2l ó 2013.

Díoladh thart ar 75% de bhainne úr i bpacaí 2 lítear nó níos mó agus díoladh thart ar 25% i bpacaí 1 lítear nó níos lú.

Bunaithe ar an meascán díolachán sin measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne gurbh é an meánphraghas miondíola náisiúnta bainne i ngach paca ná 92 c/l in 2014 i gcomparáid le 94 c/l in 2013, sin laghdú 2 c/l nó 2%.

Ó 1995 go dtí 2011 thug an CSO tuairisc ar mheánphraghas míosúil bainne gan bhearradh i bpacaí 1 lítear a ndeachaigh an praghas a bhí orthu suas de réir a chéile de 34 c/l nó 44%. Ó Eanáir 2012 scoir an CSO de bheith ag tuairisciú ar an meánphraghas míosúil bainne gan bhearradh i bpacaí 1 lítear agus thosaigh siad ag tuairisciú ar phraghas bainne beagmhéathrais i bpacaí 1 lítear.

I dTábla 2.0 d'úsáid an Ghníomhaireacht an meánphraghas ar bhainne beagmhéathrais i bpacaí 1 lítear chun an treoirphraghas do thomhaltóirí in 2014 agus 2013 a ríomh. Go ginearálta is ionann an praghas atá ar bhainne gan bhearradh lena lipéad féin agus bainne beagmhéathrais lena lipéad féin i bpacaí 1 lítear i siopaí móra miondíola. I roinnt cásanna, áfach, d'fhéadfadh praghsanna miondíola brandaí bainne beagmhéathrais na bpróiseálaithe i bpacaí 1 lítear a bheith níos airde ná praghsanna miondíola bhrandaí bainne gan bhearradh na bpróiseálaithe i bpacaí 1 lítear.

Table 2.0 AN TREOIRPHRAGHAS DO THOMHALTÓIRÍ/AN TREOIRPHRAGHAS DO BHIA/AN TREOIRPHRAGHAS MIONDÍOLA BAINNE

	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	1995
An Treoirphraghas do Thomhaltóirí	151	151	150	148	144	145	153	147	140	135	132	129	124	119	113	107	106	103	102	100
An Treoirphraghas do Bhia	136	140	142	139	140	145	150	142	134	132	133	133	129	123	116	112	108	104	102	100
An Treoirphraghas Miondíola do Bhainne																				
– bainne beagmhéathrais[1]	136	138	136	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–
– bainne gan bhearradh[2]	–	–	–	144	144	145	144	118	110	110	110	112	110	108	105	104	104	104	104	100
An Treoirphraghas do Tháirgeoirí[3]	116	118	104	108	99	89	115	108	93	94	98	98	100	102	98	98	98	100	104	100

Foinsí: CSO/NMA

[1] CSO – Meánphraghas náisiúnta miondíola de bhainne beagmhéathrais i bpacaí 1 lítear (CSO ó Eanáir 2012).

[2] CSO – Meánphraghas náisiúnta miondíola de bhainne gan bhearradh i bpacaí 1 lítear (CSO go Nollaig 2011).

[3] Íocaíochtaí préimhe déiríochta an AE iníoctha le faighteoirí incháilithe toisc nach bhfuil 2004 áirithe.

TÁBLA 2.1 PRAGHSANNA BLIANTÚLA MIONDÍOLA BAINNE – PRAGHSANNA BLIANTÚLA BAINNE DO THÁIRGEOIRÍ/SCIAR NA dTÁIRGEOIRÍ DE PHRAGHAS MIONDÍOLA AN BHAINNE

	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	1995
	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l
Praghsanna Miondíola																				
– bainne beagmhéathrais[1]	105	106	105	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–
– bainne gan bhearradh[2]	–	–	–	111	111	112	111	91	85	85	85	86	85	83	81	80	80	80	80	77
Praghsanna Táirgeoirí[3]	38.1	38.9	34.1	35.5	32.4	29.2	37.6	35.3	30.5	31.0	32.3	32.3	32.7	33.3	32.1	32.2	32.3	32.8	34.1	32.8
Praghas Táirgeora mar % de Mhiondíol[4]	36%	37%	32%	32%	29%	26%	34%	39%	36%	36%	38%	38%	38%	40%	40%	40%	40%	41%	43%	43%

[1] CSO – meánphraghas náisiúnta miondíola de bhainne beagmhéathrais i bpacaí 1 lítear (is ó Eanáir 2012 amháin a thugann an CSO tuairisc ar bhainne beagmhéathrais i bpacaí 1 lítear).

[2] CSO – meánphraghas náisiúnta miondíola de bhainne gan bhearradh i bpacaí 1 lítear.

[3] NMA – meánphraghas náisiúnta táirgeora de bhainne lena óla ina leacht.

[4] NMA – Bunaithe ar mheastachán NMA de 92 c/l mar an meánphraghas náisiúnta miondíola do bhainne úr i ngach cineál paca bheadh praghas na dtáirgeoirí mar chéatadán den phraghas miondíola 41% in 2014, mar an gcéanna le 2013.

FÍOR 2.2 DÍOL BAINNE ÚIR – PRÓIFÍL TÁIRGE 2001-2014



Foinse: CSO

An Margadh Miondíola

Is iad na miondíoltóirí an príomhbhealach dáileacháin le haghaidh bainne úir ag dáileadh 79% den bhainne úr ar fad. Dar le foinsí sa tionscal gur fhan lónadóireacht ag 11% agus bhí díol ag leac an dorais fós ag 10%.

Bhí 78% de sciar mhargadh grósaeireachta na hÉireann ag na trí ilghrúpa mhóra in 2014 agus bhí sciar 94% den mhargadh ag na cúig ilghrúpa is mó.

TÁBLA 2.3 SCAIREANNA DEN MHARGADH GRÓSAEIREACHTA

	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%
Tesco	25	26	27	28	27	26	26	26	26	26	25	23	24
SuperValu	25	20	20	20	20	20	20	20	20	20	19	19	19
Dunnes	24	24	23	23	23	25	24	24	22	22	22	21	22
Superquinn	–	5	6	5	7	7	8	8	8	8	9	8	9
Lidl/Aldi	16	14	12	12	12	11	10	7	6	6	5	6	1
Centra	4	4	4	4	2	2	2	2	3	2	3	3	3
Spar	4	4	4	4	2	2	2	2	2	2	3	3	2
Cinn eile	2	3	4	4	7	7	8	11	13	14	14	17	20
Iomlán	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100

Foinse: RGDATA – meastachán

FÍOR 2.4 SCIARTHA MARGAIDH 1999-2014



Foinse: Meastachán ón Tionscal

Tá miondíoltóirí lascaine, ar mhéadaigh a sciar den mhargadh grósaeireachta go dtí 16% in 2014 i measc na bpríomheasraisí le haghaidh allmhairí bainne úir phacáistithe.

I dtaca le margadh bainne úir na hÉireann, meastar go bhfuil os cionn 64% de na díolacháin bhainne in easraisí miondíola á dhíol anois mar bhainne féinlipéid, dar le foinsí sa tionscal.

Bhí bainne féinlipéid i bpacaí 2 lítear á mhiondíol ar lascaine 25% ar an meán i gcomparáid le bainne brandáilte próiseálaithe.

3. CONARTHAÍ CLÁRAITHE/PRAGHSANNA

TÁBLA 3.0 CINEÁLACHA CONARTHAÍ

Bliain Bhainne	Conarthaí Iomlána	Ar Feadh na Bliana ar Fad	Míonna Geimhridh
1995/96	3,344	3,206	138
1996/97	3,284	3,151	133
1997/98	2,908	2,783	125
1998/99	2,833	2,709	124
1999/00	2,762	2,642	120
2000/01	2,837	2,725	112
2001/02	2,720	2,620	100
2002/03	2,736	2,583	153
2003/04	2,656	2,510	146
2004/05	2,336	2,199	137
2005/06	2,282	2,104	178
2006/07	2,079	1,908	171
2007/08	2,008	1,861	147
2008/09	1,992	1,849	143
2009/10	1,995	1,862	133
2010/11	1,950	1,790	160
2011/12	1,936	1,824	112
2012/13	1,883	1,769	114
2013/14	1,867	1,759	108

Clár Conarthaí amhail an 31 Nollaig gach bliain. Coinnítear an Clár Conarthaí mar chlár oscailte.

Is féidir le Próiseálaithe agus le Táirgeoirí conarthaí a chlárú i dtaca le blianta bainne aonair. Leantar de chlárú conarthaí ar feadh na bliana ar fad. Chun Clár na dTáirgeoirí a fheiceáil, téigh chuig Aguisín 2.

- Laghdaigh líon na gconarthaí cláraithe soláthair bainne go dtí 1,867, sin laghdú glan 16 chonradh i gcomparáid leis an mbliain roimhe.
- Bhí conarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad (AYR) fós ar an bpríomhchineál conartha ag léiriú 94% de chonarthaí agus 99% de sholáthairtí bainne, cosúil leis an mbliain roimhe sin.
- Ba ionann conarthaí geimhridh agus 6% de chonarthaí agus 1% de sholáthairtí bainne.
- Tháinig laghdú 10 go dtí 1,759 ar chonarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad (AYR) agus tháinig laghdú 6 go dtí 108 ar líon na gconarthaí Geimhridh.

TÁBLA 3.1 AICMIÚ CONARTHAÍ CLÁRAITHE DE RÉIR CINEÁIL/SOLÁTHAIRTÍ

	Conarthaí				Soláthairtí			
	2013/14		2012/13		2013/14		2012/13	
	Uimhir	%	Uimhir	%	m lítear	%	m lítear	%
Ar Feadh na Bliana ar Fad	1,759	94	1,769	94	469.2	99	449.0	99
Geimhreadh	108	6	114	6	6.2	1	6.1	1
Iomlán	1,867	100	1,883	100	475.4	100	455.1	100

- Bhí soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe in 2014 9% níos airde ná díolacháin bainne úir baile i gcomparáid le 8% in 2013, mar gheall den chuid is mó ar shocruithe ceannacháin idir próiseálaithe agus táirgeoirí i ndiaidh comhdhlúthú a dhéanamh.

3.1 Córais Phraghsála Conarthaí

- Baineann próiseálaithe leas as dhá chóras praghsála bainne nuair a cheannaíonn siad bainne ó tháirgeoirí lena phróiseáil mar bhainne a ólfar ina leacht is é sin Córas Phraghas an Bhainne Monaraithe móide Bónas (Córas MMP) agus an Córas Cothromphraghais (Córas COTHROM).
- Faoin gCóras MMP, déantar praghas ar bhainne atá bainteach le praghsanna míosúla bainne monaraithe, mar aon le difreálaigh le haghaidh comhábhar bainne, a íoc móide íocaíochtaí bónais geimhridh, idir íocaíochtaí athraitheacha agus íocaíochtaí seasta.
- Faoin gCóras Cothromphraghais, íoctar as bainne ag praghas cothrom in aghaidh an lítir, gan aon difreálach praghais le haghaidh comhábhar bainne. Íoctar praghsanna níos airde i rith mhíonna an gheimhridh.
- In 2013/14 cuireadh an Córas MMP i bhfeidhm in 85% de na conarthaí AYR i gcomparáid le 86% in 2012/13 agus 84% de sholáthairtí bainne i gcomparáid le 87% de sholáthairtí bainne in 2012/13.
- Cuireadh an Córas COTHROM i bhfeidhm in 15% de na conarthaí AYR i gcomparáid le 14% in 2012/13 agus in 16% de na soláthairtí bainne i gcomparáid le 13% in 2012/13.

TÁBLA 3.2 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD DE RÉIR CINEÁIL AGUS CÓRAIS PHRAGHSÁLA

Córais Phraghsála	Conarthaí				Soláthairtí Bainne			
	2013/14		2012/13		2013/14		2012/13	
	Uimhir	%	Uimhir	%	m lítear	%	m lítear	%
CÓRAS MMP	1,503	85	1,524	86	394.3	84	389.5	87
CÓRAS COTHROM	256	15	245	14	74.9	16	59.5	13
AYR IOMLÁN	1,759	100	1,769	100	469.2	100	449.0	100

FÍOR 3.3 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/CONARTHAÍ 2013/14



- Córas MMP 85%
- Córas COTHROM 15%

FÍOR 3.4 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ BAINNE 2013/14



- Córas MMP 84%
- Córas COTHROM 16%

FÍOR 3.5 CONARTHAÍ AYR – CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ 1999/00-2013/14



TÁBLA 3.6 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD MEÁNPHRAGHSANNA BAINNE BLIANTÚIL A ÍOCADH – 2013/14 & 2012/13

Córais Phraghsála	Praghsanna		Méaduithe ar Phraghsanna	Conarthaí	Soláthairtí Bainne
	2013/14	2012/13	2013/14	2013/14	2013/14
	c/lítear	c/lítear	c/lítear	líon	m. lítear
MMP	39.56	37.44	2.12	1,503	394.3
COTHROM	38.21	37.19	1.02	256	74.9
